

Uimhreas: Úsáidí an uimhris – Moltaí maidir le heispéiris foghlama páistí

Bíonn deiseanna ag an bpáiste chun...

Tuiscint agus ceangal

- fiosrú a dhéanamh ar leabhair neamhfhicsin a thaispeánann úsáidí uimhris éagsúla, m.sh., *leabhair faoin dúlra a dhéanann iniúchadh ar mhéid/luas ainmhithe, srl., leabhair faoi ghnáthaimh laethúla a bhfuil amanna ar an gclog iontu.*
- fiosrú a dhéanamh ar bhealaí ina gcabhraíonn uimhreacha linn ár saol a eagrú/a struchtú, m.sh., *taistealaíonn bus lipéadaithe 16A ó A go B, is iad na huaireanta oscailte don siopa ná 9 a chlog go dtí 5 a chlog.*
- fiosrú a dhéanamh ar úsáid uimhris i gcúrsaí spóirt, m.sh., *cuntas a choinneáil i ndamhsaí nó i síntí, cur síos a dhéanamh ar scóir nó ar staitisticí, cinneadh a dhéanamh ar 1ú, 2ú háit, srl. ar tháblaí sraithe, breathnú ar uimhreacha ar gheansaithe foirne.*
- dul i ngleic le cineálacha uimhris trí ghníomhaíochtaí cócaireachta agus bÁCála, m.sh., *cainníochtaí comhábhar, céimeanna a leanúint in oideas.*
- uimhreacha agus foirmiú uimhris a iniúchadh trí chur chuige ilchéadfach, m.sh., *comhaireamh ar mhéara, foirmiú uimhris le taos súgartha, uimhreacha a rianú i ngeineamh.*



- plé a dhéanamh ar uimhreacha a bhfuil tábhacht phearsanta ag baint leo agus an méid a léiríonn siad, m.sh., *aois, uimhreacha gutháin, breithlaethanta, líon na siblí, uimhir ar dhoras tosaigh an tí, dáta breithe.*
- samplaí den áit a n-úsáidtear uimhreas sa domhan mórthimpeall orthu a aimsiú agus a phlé agus dialann uimhreacha nó leabhar gearrthóg a choinneáil le samplaí, m.sh., *uimhreacha gutháin, sna meáin chlóite, ar chloig agus uaireadóirí, ar chainéil teilifíse, ar eochaircheapa gutháin.*
- éisteacht le scéalta agus amhráin nua a bhaineann le húsáidí uimhris, agus iad a athinsint agus a chruthú agus úsáid a bhaint as ealaín, ceol agus drámaíocht le beocht a chur iontu seo.
- uimhreas a ionchorprú i gcomhráite faoi ghnáthaimh laethúla, m.sh., *an leathanach ceart de leabhar/leabhar oibre a aimsiú, ag cur síos ar an ord ina lá.*
- liostaí '5 is Fearr' nó '10 is Fearr' a chruthú agus a phlé agus iad in ord, m.sh., *bréagáin, leabhair, bianna is fearr leat.*



Cuir in iúl

Cúis

- tábhacht uimhris sa domhan mór a aithint agus a phlé, m.sh., *uimhreacha i réamhaisnéisí aimsire/teirmiméadair, ar chomharthaí tráchta, ar amchlár bus/traenach.*
- uimhreacha a úsáid ar bhealaí éagsúla trí chluichí a imirt, m.sh., in 'Nathracha is Dréimírí', *bogadh de réir na huimhreach ar an díse, agus cé atá sa chéad áit, sa dara háit, srl. a aithint.*
- dul i ngleic le gníomhaíochtaí uimhirlíne chun tacú le tuiscint ar ord na n-uimhreacha, m.sh., *comhaireamh chun tosaigh agus siar, cur leis agus dealú.*
- dul i ngleic le gníomhaíochtaí seicheamhaithe, m.sh., *ceangail na poncanna, íomhánna seicheamh ó scéal i liosta ó aon go dtí a deich, ag cruthú amchlár amhairc.*
- fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a n-úsáidtear uirlisí tomhais caighdeánacha nó neamhchaighdeánacha (m.sh., rialóirí, ciúbanna) le rudaí a thomhas.



- pleanáil do pháirtí ranga ina gcaithfidh siad breithniú a dhéanamh ar an gcainníocht bia atá ag teastáil, líon na gcathaoireacha, na bplátaí, na gcupán, srl. atá ag teastáil.
- tabhairt faoi gníomhaíochtaí sórtála, m.sh., *rudáí (amhail cnaipí nó bloic) a eagrú de réir méide, datha, nó cineáil, agus ansin gach catagóir a chainníochtú agus a lipéadú.*
- fiosrú a dhéanamh ar bhalla nó tábla 'idirghníomhach' le huimhreacha éagsúla agus pictiúir chomhfhreagracha do pháistí le meaitseáil agus le plé, m.sh., *'10:30' a mheaitseáil le clog digiteach, '1ú' le trófaí, '8' le damhán alla.*
- teagmháil a dhéanamh le agus/nó a 'stáisiúin chomhairimh' féin a chruthú le deiseanna chun míreanna éagsúla a chomhaireamh agus a lipéadú.
- páirt a ghlacadh i ndúshláin dearaidh ina mbíonn orthu a bheith feasach ar 'cá mhéad' earraí a theastóidh uathu, m.sh., *teach a phleanáil agus a thógáil do na trí bhéar.*



Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna